Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10515/26**

**INF 171**
**API 123**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún in 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 276 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 276 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.6.2026
COM(2026) 276 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

## maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún in 2025

GA GA

# Clár


1. Réamhrá ..... 2
2. Faisnéis agus doiciméid a chur ar fáil ar líne agus i gcláir ..... 3
3. Anailís ar iarratais ar rochtain ar dhoiciméid ..... 4
3.1. An líon iarratas (Iarscríbhinn – Táblaí 3 agus 4) ..... 4
3.2. Iarratais a fuair an Ard-Stiúrthóireacht nó an tSeirbhís (Iarscríbhinn – Tábla 5) ..... 5
4. Eisceachtaí maidir leis an gceart rochtana ..... 7
4.1. Leibhéal rochtana a deonaíodh ar na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn – Táblaí 8 agus 9) ..... 7
4.2. Na heisceachtaí a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn – Tábla 10) ..... 8
5. Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach ..... 8
6. Cásdlí nua maidir le rochtain ar dhoiciméid ..... 9
6.1. An Chúirt Bhreithiúnais ..... 9
6.1.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha ..... 9
6.2. An Chúirt Ghinearálta ..... 9
6.2.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha ..... 10
6.2.2. Soiléirithe ar rialacha nós imeachta ..... 10
6.3. Cásanna cúirte nua a tugadh in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh ..... 11

# 1. RÉAMHRÁ

Dréachtaítear an tuarascáil bhliantúil seo i gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1] (dá ngairtear 'Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001' anseo feasta). Mínítear inti conas a chuir an Coimisiún Eorpach Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chun feidhme in 2025 ar bhonn sonraí staidrimh[2] a dtugtar achoimre orthu san Iarscríbhinn. Baintear leas inti freisin as torthaí an Ombudsman Eorpaigh maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ag an gCoimisiún Eorpach agus na rialuithe a thug cúirteanna an Aontais Eorpaigh.

Is iad an trédhearcacht, an tsláine agus an chuntasacht réamhriachtanais fhíor-riachtanacha an daonlathais atá bunaithe ar an smacht reachta. Is príomhphrionsabail iad chun dea-rialachas a chur chun cinn agus muinín a chothú sa phróiseas cinnteoireachta, lena gcuirtear feabhas ar dhlisteanacht agus inchreidteacht na n-institiúidí poiblí. Sa bhreis ar na Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach Eile 2024-2029 leis an Uachtarán, Ursula von der Leyen[3], sa chuid ghinearálta de na litreacha misin chuig na Coimisinéirí[4], cuirtear de cheangal ar an gColáiste prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta a chur i bhfeidhm ina chaidreamh leis na comhreachtóirí, le hionadaithe leasa agus leis an bpobal. Is dlúthchuid de thosaíochtaí 2024-2029 an Choimisiúin Eorpaigh i gcónaí é ceart rochtana na saoránach ar dhoiciméid a chosaint[5]. Leis na staitisticí i gCaibidil 4 maidir le doiciméid a nochtadh go hiomlán nó go páirteach, léirítear tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh a chur ar a chumas don phobal a cheart rochtana ar dhoiciméid a fheidhmiú, mar chuid de bheartas trédhearcachta níos leithne an Choimisiúin Eorpaigh.

Sa Choimisiún Eorpach, is ar bhonn díláraithe a láimhseálann gach roinn de chuid an Choimisiúin na hiarratais tosaigh ar rochtain ar dhoiciméid. In 2025, rinneadh **6 434 iarratas tosaigh**. Maidir le h**iarratais dearbhúcháin**, trína n-iarrann iarratasóirí athbhreithniú ar na freagraí tosaigh lena ndiúltaítear rochtain go páirteach nó go hiomlán, shroich an líon iarratas sin **697**.

Is é Aonad na hArdrúnaíochta um Bainistiú Doiciméad agus Rochtain ar Dhoiciméid a láimhseálann iarratas dearbhúcháin, chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú neamhspleách ar na freagraí tosaigh. Bainistíonn an tAonad EASE[6] freisin, an córas TF inmheánach ar fud an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanann iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún; IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

2 Slánaítear na céatadáin go dtí an t-ionad deachúlach is gaire. Cuimsítear sna staitisticí, i measc nithe eile, an líon iarratas a fuarthas agus na freagraí a tugadh in 2025. D'fhéadfadh miondifríochtaí a bheith ann idir figiúirí sa tuarascáil seo agus figiúirí sna tuarascálacha roimhe seo de bharr seiceálacha agus ceartúcháin thráthrialta.

3 https://commission.europa.eu/document/download/e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_ga

4 https://commission.europa.eu/about/organisation/college-commissioners_ga

5 https://commission.europa.eu/priorities-2024-2029/democracy-and-our-values_ga

6 Rochtain Leictreonach ar Dhoiciméid de chuid an Choimisiúin Eorpaigh; https://ec.europa.eu/transparency/documents-request/home

Tacaíonn an tSeirbhís um Chartlanna Stairiúla le ranna an Choimisiúin, seirbhís a bhfuil baint aici le cásanna ina mbaineann iarratais ar rochtain ar dhoiciméid le cartlanna Coimisinéirí agus a gComh-aireachtaí a bhí ann roimhe seo, nó doiciméid níos sine a bogadh chuig na cartlanna stairiúla de réir rialacha bainistithe doiciméad. In 2025, chuir an tSeirbhís um Chartlanna Stairiúla cúnamh ar fáil in 427 gcás, don Ardrúnaíocht den chuid is mó (105) agus do na hArd-Stiúrthóireachtaí seo a leanas: an Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (40); an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna (34); an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (25); Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (24); an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol (24); agus an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (22).

## 2. FAISNÉIS AGUS DOICIMÉID A CHUR AR FÁIL AR LÍNE AGUS I GCLÁIR

Foilsíonn an Coimisiún réimse leathan doiciméad dlíthiúil, beartais, riaracháin agus eile go réamhghníomhach ar shuíomhanna gréasáin agus ar chláir éagsúla[7]. Tá go leor doiciméad den sórt sin ar fáil i gClár dhoiciméid an Choimisiúin (RegDoc), i gClár na nGníomhartha Tarmligthe agus Cur Chun Feidhme agus i gcláir chorparáideacha eile atá á mbainistiú ag an Ardrúnaíocht. Tá cuid eile acu ar fáil ar shuíomhanna gréasáin atá á mbainistiú ag na hArd-Stiúrthóireachtaí nó tá siad ar EUR-Lex[8]. Thairis sin, le hAirteagal 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin[9], a glacadh an 4 Nollaig 2024, cuirtear tuilleadh feabhais ar thrédhearcacht réamhghníomhach trí chatagóirí doiciméad a liostú a mbeidh rochtain dhíreach ag an bpobal orthu.

In 2025 cuireadh 11 274 dhoiciméad nua le RegDoc (féach Tábla 1 san Iarscríbhinn), sna catagóirí seo a leanas: C – Gníomhartha uathrialacha ón gCoimisiún, lena n-áirítear gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, cineálacha eile cinntí etc.; COM – Tograí, moltaí, teachtaireachtaí, tuarascálacha etc. ón gCoimisiún; JOIN – Gníomhartha Comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí; OJ – Cláir oibre chruinnithe an Choimisiúin; P – Cinntí ó Uachtarán an Choimisiúin; PV – Miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin; SEC – Doiciméid de chuid an Choimisiúin nach féidir a aicmiú in aon cheann de na sraitheanna eile; SWD – Doiciméid inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin.

In 2025 shroich an líon amharc ar leathanaigh 16 159 i gcás shuíomh gréasáin Rochtain ar Dhoiciméid ar *Europa*[10], agus 70 950 i gcás RegDoc[11].

---

7 https://commission.europa.eu/about/service-standards-and-principles/transparency/how-access-commission-documents_ga

8 https://eur-lex.europa.eu/

9 Cinneadh (AE) 2024/3080 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin agus lena leasaítear Cinneadh C(2000) 3614 (IO L, 2024/3080, 5.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3080/oj).


10 https://commission.europa.eu/about/service-standards-and-principles/transparency/how-access-commission-documents_ga

11 https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/

## 3. Anailís ar iarratais ar rochtain ar dhoiciméid


### 3.1. An líon iarratas[12] (Iarscríbhinn – Táblaí 3 agus 4)

Mar a luaitear thuas, rinneadh 6 434 iarratas tosaigh ar rochtain ar dhoiciméid in 2025. Chuir an Coimisiún 4 471 fhreagra ar fáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus chuir sé 6 408 bhfreagra ar fáil san iomlán. D'fhéadfadh roinnt doiciméad atá i seilbh ranna éagsúla de chuid an Choimisiúin a bheith i gceist le haon iarraidh amháin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh roinnt freagraí éagsúla a bheith mar thoradh air sin. Os a choinne sin, is féidir roinnt iarrataí a ghrúpáil le chéile uaireanta agus aon fhreagra amháin a bheith mar thoradh orthu. Tagraíonn an líon freagraí eile do fhreagraí a tugadh faoi chreataí dlíthiúla éagsúla (mar gheall ar ábhar an iarratais nó stádas an iarratasóra, etc.) nó fiú iarratais a dúnadh i gcás nach ndearna iarratasóir an soiléiriú a iarradh a sholáthar nó ceanglais nós imeachta a chomhlíonadh.




Rinneadh 697 n-iarratas dearbhúcháin in 2025. Chuir an Coimisiún 384 fhreagra ar fáil faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus chuir sé 681 fhreagra ar fáil san iomlán.

[12] Staitisticí maidir le próifíl shóisialta agus ghairme agus maidir le tionscnamh geografach na n-iarratasóirí, cuirtear ar fáil iad i dtáblaí 6 agus 7 den Iarscríbhinn.





3.2. Iarratais a fuair an Ard-Stiúrthóireacht nó an tSeirbhís (Iarscríbhinn – Tábla 5)[13]

In 2025, fuair an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide an cion is airde d'iarratais tosaigh (14,3 %). Ina dhiaidh sin, bhí an Ardrúnaíocht (12,5 %) agus na hArd-Stiúrthóireachta seo a leanas: an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (6,1 %); an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol (5,7 %); agus an Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht (5,6 %). Bhí níos lú ná 5 % de na hiarratais tosaigh uile ag gach ceann de na ranna eile.


[13] Cruthaíodh an Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht (SG REFORM) i mí Feabhra 2025 tríd an Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta (SG RECOVER) agus an Ard-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach (AS REFORM) a chumasc. Na sonraí maidir leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, cuimsítear iontu na hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid maidir lena gníomhaíochtaí riaracháin, a thaifeadtar sa chóras TF céanna (EASE) a úsáideann ranna eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Ní chumhdaítear sa tuarascáil seo iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF. Thosaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST) ag feidhmiú i mí Feabhra 2025 tar éis an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) a roinnt ina dhá Ard-Stiúrthóireacht, is iad sin AS ENEST agus an Ard-Stiúrthóireacht um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse (AS MENA). Ó bunaíodh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), níl ach doiciméid de chuid na Seirbhíse um Ionstraimí Beartais Eachtraigh (FPI) i seilbh an Choimisiúin Eorpaigh. Cuimsíonn staitisticí maidir le FPI roinnt iarratais tosaigh a fuair an tSaoráid Eorpach Síochána (SES). Is ionstraim sheachbhuiséid í SES a chuireann le cumas an Aontais gníomhú mar sholáthraí slándála domhanda. Faoi Chinneadh C(2021) 2011 ón gCoimisiún, chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach gníomhú mar riarthóir, oifigeach cuntasaíochta agus iniúchóir inmheánach um bearta cúnaimh de chuid SES. Cuireadh seacht n-iarratas tosaigh den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ina cháil mar riarthóir um bearta cúnaimh in 2025 agus níor cuireadh aon iarratas dearbhúcháin faoina bhráid.

## IARRATAIS TOSAIGH 2025




In 2025, cuireadh an cion is airde d'iarratais dearbhúcháin isteach i ndáil le cásanna a láimhseáil an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ag an gcéim thosaigh (12,9 %). Ina dhiaidh sin, bhí an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (9,3 %), an Ardrúnaíocht (8 %) agus na hArd-Stiúrthóireachta seo a leanas: an Ard-Stiúrthóireacht um an gComhshaol (7,3 %); an Ard-Stiúrthóireacht um Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht (6,3 %); agus an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (5,6 %). Bhí níos lú ná 5 % de na hiarratais dearbhúcháin uile ag gach ceann de na ranna eile.


## IARRATAIS DEARBHÚCHÁIN 2025




## 4. EISCEACHTAÍ MAIDIR LEIS AN GCEART ROCHTANA[14]

Tá an ceart rochtana dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 faoi réir roinnt eisceachtaí sonracha a leagtar síos in Airteagal 4. Aon chinneadh chun iarratas ar rochtain ar dhoiciméad a dhiúltú, go hiomlán nó go páirteach, ní mór údar a bheith leis faoi cheann amháin ar a laghad de na heisceachtaí sin.


4.1. Leibhéal rochtana a deonaíodh ar na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn – Táblaí 8 agus 9)





[14] D'fhéadfadh sé go mbainfeadh iarratais aonair le roinnt doiciméad nó le comhaid iomlána maidir le hábhar nó nós imeachta ar leith. Maidir leis an mbealach a dearadh EASE, ciallaíonn sé go léiríonn na figiúirí i gCaibidil 4 den tuarascáil seo na doiciméid a iarradh i gcásanna a láimhseáladh in EASE agus a dúnadh in 2025.

4.2. Na heisceachtaí a cuireadh i bhfeidhm maidir leis na doiciméid a iarradh (Iarscríbhinn – Tábla 10)



## 5. Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

In 2025, d'oscail an tOmbudsman Eorpach 100 fiosrúchán nua i gcásanna a bhain leis an gCoimisiún Eorpach ina raibh rochtain ar dhoiciméid ar an bpríomhchuid nó ar fhochuid den ghearán, agus dhún sé 104 ghearán[15]. Níor aimsigh an tOmbudsman Eorpach cásanna drochriaracháin ach in 8 gcás, arb ionann iad agus 7,6 % de na gearáin uile[16]. Dúnadh na 96 chás eile gan aon ráiteas a dhéanamh.

## 6. Cásdlí nua maidir le rochtain ar dhoiciméid

### 6.1. An Chúirt Bhreithiúnais

In 2025, d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas amháin[17] agus ordú amháin[18] maidir le hachomhairc a bhaineann leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 i gcás ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí.

Rinne sí an t-achomharc a dhíbhe i gcás amháin[19]. I gcás amháin[20], chuir sí oibriú phointe 2 den chuid oibríochtúil de bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás t-761/21 ar fionraí go dtí go dtabharfar an breithiúnas lena gcuirtear clabhsúr leis na himeachtaí an achomhairc i gCás C-632/24 P, i ndiaidh iarraidh an Choimisiúin ar bhearta idirlinne.

#### *6.1.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha*

In 2025, bhain na soiléirithe substainteacha a d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais le cur i bhfeidhm na heisceachta a bhaineann leis an bpróiseas cinnteoireachta a chosaint[21].

### 6.2. An Chúirt Ghinearálta

In 2025, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta sé bhreithiúnas[22] agus 12 ordú[23] maidir leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 i gcás ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí.

---

15 Cumhdaíonn na staitisticí cásanna an Ombudsman Eorpaigh maidir le ranna uile an Choimisiúin Eorpaigh seachas an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise.

16 Mheas an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí sa mhoill maidir le freagra a thabhairt don iarratasóir i gcás 1249/2023 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/64317). Tháinig an tOmbudsman ar an gconclúid gur drochriarachán a bhí sa diúltú rochtain leathan phoiblí a dheonú i gcásanna 2421/2023 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/65469) agus 849/2024 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/66373). Mheas an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí i ndiúltú an Choimisiúin iarrataí an iarratasóra ar rochtain phoiblí a láimhseáil i gcás 1634/2023 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/64691). Mheas an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí sa chaoi ar láimhseáil an Coimisiún na hiarrataí ar rochtain phoiblí i gcásanna
1405/2024 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/66916),
1498/2024 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/67020),
agus 318/2025 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/68195).
Mheas an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí i dtoimhde ginearálta neamhnochta an Choimisiúin i gcás 1746/2024 (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/case/ga/67261).

17 Breithiúnas an 16 Eanáir 2025, *an Coimisiún* v *Pollinis France*, C-726/22 P, EU:C:2025:17.

18 Ordú an 4 Feabhra 2025, *an Coimisiún* v *Courtois agus Eile* , C-632/24 P-R, EU:C:2025:70.

19 Breithiúnais in *an Coimisiún* v *Pollinis France*, C-726/22 P, *op.cit*.

20 Ordú in *an Coimisiún* v *Courtois agus Eile*, C-632/24 P-R, *op.cit*.

21 Breithiúnas in *an Coimisiún* v *Pollinis France*, C-726/22 P, *op.cit*. Míreanna 65, 71-74 agus 78-79.

Rinneadh an chaingean le haghaidh neamhniú a dhíbhe in dhá chás[24]. I dtrí chás, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar neamhní go páirteach agus rinne sí an chuid eile den chaingean a dhíbhe[25]. In dhá chás, chuir sé cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar neamhní[26].

I gcúig chás, dhearbhaigh sí nach raibh aon ghá le breithniú a dhéanamh a thuilleadh[27]. In dhá chás, d'ordaigh sí an cás a bhaint de Chlár na Cúirte Ginearálta[28]. I gcás amháin, rinne sí an chaingean a dhíbhe i bpáirt mar gheall ar an easpa fhollasach dlínse agus i bpáirt mar go raibh sí doghlactha go follasach[29]. I gcás amháin, dhiúltaigh sí d'iarratas ar bhearta idirlinne[30]. I gcás amháin, rinne sí an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith doghlactha[31]. I gcás amháin, dhearbhaigh sí nach raibh aon ghá le breithniú a dhéanamh a thuilleadh agus rinne sí an chuid eile den chaingean a dhíbhe[32].

### *6.2.1. Soiléirithe ar rialacha substainteacha*

In 2025, bhain na soiléirithe substainteacha a d'eisigh an Chúirt Ghinearálta le cur i bhfeidhm eisceachtaí a bhaineann le caidreamh idirnáisiúnta[33], leasanna tráchtála[34] agus an próiseas cinnteoireachta a chosaint[35].

Thug an Chúirt Ghinearálta tuilleadh soiléirithe maidir le hasbhaint agus measúnú doiciméad ó bhunachair sonraí[36] agus maidir le toimhde fírinneachta a ghabhann le dearbhú an Choimisiúin nach bhfuil na doiciméid ina sheilbh aige[37].

---

22 Breithiúnais an 14 Bealtaine 2025, *Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún*, t-36/23, EU:T:2025:483; an 22 Eanáir 2025, *eClear* v *an Coimisiún*, t-127/23, EU:T:2025:51; an 3 Meán Fómhair 2025, *Huhtamaki Holding* v *an Coimisiún*, t-225/24, EU:T:2025:830; an 14 Bealtaine 2025, *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-227/24, EU:T:2025:488; an 18 Meitheamh 2025, *Zver* v *an Coimisiún*, t-235/24, EU:T:2025:607; an 10 Meán Fómhair 2025, *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-337/24, EU:T:2025:848.

23 Orduithe an 21 Bealtaine 2025, *APEDA agus O'Connor* v *an Coimisiún*, t-70/25; an 8 Deireadh Fómhair 2025, *WS* v *an Coimisiún*, t-90/25, EU:T:2025:955; an 16 Bealtaine 2025, *Rizza* v *an Coimisiún*, t-118/25; an 11 Feabhra 2025, *Reverbel* v *an Coimisiún*, t-178/24, EU:T:2025:173; an 18 Meán Fómhair 2025, *Onescu* v *OLAF*, t-299/25; an 16 Iúil 2025, *Onescu* v *OLAF*, t-299/25 R; an 7 Eanáir 2025, *Compass-Datenbank* v *an Coimisiún*, t-350/24, EU:T:2025:20; an 14 Aibreán 2025, *Molitorisová* v *an Coimisiún*, t-353/24; an 20 Lúnasa 2025, *APEDA agus O'Connor* v *an Coimisiún*, t-458/24; an 27 Eanáir 2025, *Pech* v *an Coimisiún*, t-485/24; an 16 Meitheamh 2025, *Reclaim agus Martínez González* v *an Coimisiún*, t-546/24; an 20 Márta 2025, *Public.Resource.Org agus Right to Know* v *an Coimisiún*, t-580/24.

24 Breithiúnas in *Huhtamaki Holding* v *an Coimisiún*, t-225/24, *op.cit.*; ordú in *Onescu* v *OLAF*, t-299/25, *op.cit.*

25 Breithiúnais in *eClear* v *an Coimisiún*, t-127/23, *op.cit.*; *Zver* v *an Coimisiún*, t-235/24, *op.cit.*; *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-337/24, *op.cit.*

26 Breithiúnais in *Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún*, t-36/23, *op.cit.*; *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-227/24, *op.cit.*

27 Orduithe in *WS* v *an Coimisiún*, t-90/25, *op.cit.*; *Reverbel* v *an Coimisiún*, t-178/24, *op.cit.*; *Compass-Datenbank* v *an Coimisiún*, t-350/24, *op.cit.*; *Pech* v *an Coimisiún*, t-485/24, *op.cit.*; *Reclaim agus Martínez González* v *an Coimisiún*, t-546/24, *op.cit.*

28 Orduithe in *Rizza* v *an Coimisiún*, t-118/25, *op.cit.*; *Public.Resource.Org agus Right to Know* v *an Coimisiún*, t-580/24, *op.cit.*

29 Ordú in *APEDA agus O'Connor* v *an Coimisiún*, t-70/25, *op.cit.*

30 Ordú in *Onescu* v *OLAF*, t-299/25 R, *op.cit.*.

31 Ordú in *Molitorisová* v *an Coimisiún*, t-353/24, *op.cit.*

32 Ordú in *APEDA agus O'Connor* v *an Coimisiún*, t-458/24, *op.cit.*

33 Breithiúnas in *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-337/24, *op.cit.* Míreanna 40-42, 49-54 agus 61-67.

34 Breithiúnais in *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-227/24, *op.cit.* Míreanna 38-39, 46, 56-60, 64-66, 72-79 agus 80-88; *eClear* v *an Coimisiún*, t-127/23, *op.cit.* Míreanna 86-92.

35 Breithiúnas in *Zver* v *an Coimisiún*, t-235/24, *op.cit.* Míreanna 96-98 agus 103-107.

36 Breithiúnas in *eClear* v *an Coimisiún*, t-127/23, *op.cit.* Míreanna 46-48, 76-77 agus 101-102.

#### 6.2.2. *Soiléirithe ar rialacha nós imeachta*

Bhain an phríomh-shaincheist nós imeachta ar thug an Chúirt Ghinearálta soiléiriú maidir léi in 2025 le measúnú an Choimisiúin ar agóidí tríú páirtithe i gcoinne nochtadh a ndoiciméad[38].

### 6.3. Cásanna cúirte nua a tugadh in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh

In 2025, tugadh 19 gcás a raibh baint ag an gCoimisiún Eorpach leo os comhair chúirteanna an Aontais, cásanna maidir le cinntí a bhain leis an gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

As na 19 gcás sin, tugadh 18 acu ós comhair na Cúirte Ginearálta[39], ar breithníodh trí cinn acu in 2025[40].

An tráth céanna, tugadh achomharc amháin os comhair na Cúirte Breithiúnais in aghaidh breithiúnas a d'eisigh an Chúirt Ghinearálta i gcás ina raibh an Coimisiún Eorpach ina pháirtí sna himeachtaí[41].

---

[37] Breithiúnas in *Stevi agus The New York Times* v *an Coimisiún*, t-36/23, *op.cit*. Míreanna 38-41, 45-48, 57-60, 67-68, 72-73, 79 agus 81-85.

[38] Breithiúnas in *Smart Kid* v *an Coimisiún*, t-337/24, *op.cit*. Míreanna 33-37.

[39] Cásanna *Public.Resource.Org agus Right to Know* v *an Coimisiún*, t-53/25; *APEDA agus O'Connor* v *an Coimisiún*, t-70/25, *op.cit.*; *WS* v *an Coimisiún*, t-90/25; *Rizza* v *an Coimisiún*, t-118/25, *op.cit.*; *Nouwen* v *an Coimisiún*, t-132/25; *De Capitani agus Eile* v *an Coimisiún*, t-146/25; *Rizza* v *an Coimisiún*, t-205/25; *Galić* v *an Coimisiún*, t-276/25; *Onescu* v *OLAF*, t-299/25, *op.cit.*; *An Phacastáin agus Altius* v *an Coimisiún*, t-360/25; *Wölken* v *an Coimisiún*, t-483/25; *Access Info Europe* v *an Coimisiún*, t-507/25; *Mowi Poland* v *an Coimisiún*, t-567/25; *De Capitani* v *an Coimisiún*, t-621/25; *ClientEarth* v *an Coimisiún*, t-641/25; *Wölken* v *an Coimisiún*, t-662/25; *ClientEarth* v *an Coimisiún*, t-738/25; *Wölken* v *an Coimisiún*, t-784/25.

[40] Cásanna *APEDA agus O'Connor* v *an Coimisiún*, t-70/25, *op.cit.*; *Rizza* v *an Coimisiún*, t-118/25, *op.cit.*; *Onescu* v *OLAF*, t-299/25, *op.cit*.

[41] Cás *Molitorisová* v *an Coimisiún*, C-396/25 P.